

Buntáiste Breise na Gaeilge!

Béal Feirste

Seimineár Eolais do
Dhaltaí Iar-Bhunscoile

Déardaoin,
17 Samhain 2011



CLÁR

09.00r.n Fáiltiú agus Clárú

Cur i láthair ó na hAoichainteoirí

Seisiún 1: 10:45r.n - 11:45r.n

Seisiún 2: 12:00i.n – 1:00i.n

Seisiún 3: 2:00i.n – 3:00i.n

Mairfidh gach seisiún uair an chloig.

Glacfaidh na hAoichainteoirí le ceisteanna ó dhaltaí scoile tar éis gach seisiún agus beidh duaiseanna á mbronnadh / Bileoga Aiseolais

Tabharfaidh na daltaí cuairt ar an Aonach Oibre tar éis gach seisiún 3:00i.n Críoch



Kevin De Barra, Cathaoirleach

Is as An Spidéal, i gConamara do Kevin De Barra. D'fhreastail sé ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh áit ar bhain sé Céim Tráchtála agus Máistreacht sa Mhargaíocht amach, chomh maith le Diplóma sa Ghaeilge, agus Diplóma i Staidéar an Aistriúcháin. Le déanaí tá Máistreacht sa Ghaeilge Fheidhmeach bainte amach ag Kevin le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Oibríonn Kevin mar Rúnaí ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge.



Louise McCreesh

Is as an Mhullach Bhán i ndeisceart Ard Mhacha do Louise McCreesh. Roghnaigh Louise an Ghaeilge don GCSE agus don ard leibhéal agus nuair a d'fhág sí Scoil na Maighdine Muire in Iúr Cinn Trá, bhain sí céim amach sa Ghaeilge in Ollscoil Uladh i gCúil Raithin.

Bhain Louise iarchéim amach san Fhoilsitheoireacht in Albain, agus chaith sí trí bliana i nDún Éadainn ag obair sa réimse sin.

Rinne sí cúrsa traenála sna meáin tríd an Chiste Craoltóireachta Gaeilge. D'obair sí ar réimse leathan sraitheanna teilifíse le Stirling Television i mBéal Feirste ar feadh trí bliana. Le linn an ama sin, léirigh sí an dara sraith de "Seacht" – sraith drámaíochta a craoladh ar TG4 agus ar BBC 2. Tá sí ag obair mar léiritheoir agus láithreoir le BBC Raidió Uladh faoi láthair. Cuireann sí clár raidió i láthair gach Mháirt agus bíonn sí ag léiriú roinnt cláir eile in aghaidh na seachtaine.



Mark Harte

Is as Co. Thír Eoghan do Mark Harte. D'fhreastail sé ar Scoil na mBráithre Chríostaí, ar an Ómaigh. Bhain sé amach céim sa mhúinteoireacht i gColáiste Mhuire i mBéal Feirste sa bhliain 2000. Tá sé ag múineadh i gColáiste Phádraig in Ard Mhacha le breis is cúig bliana anuas.

Is ball é den choiste 'Campa Chormaic', campa samhraidh i gcuimhne Cormac McAnallen - iár-chaptaen peile Thír Eoghain a fuair bás i 2004. Le linn an champa déanann déagóirí ranganna Gaeilge ar maidin agus imríonn siad idir pheil is chamógaíocht tráthnóna.

Ghlac sé páir i gcúpla clár raidió agus teilifíse ina measc G.A.A. Beo ar TG4 agus An Domhnach Mór ar an Raidió. Rinne sé clár eile don BBC darb ainm 'Preab Suas, clár d'fhoghlaimoirí óga a nascann scileanna peile agus an Ghaeilge. Anuraidh ghlac sé páirt lárnach sa DVD 'Gabh le Gaeilge' áis oideachais do dhaltáí a bheidh ag roghnú ábhar don TGMO (GCSE) atá curtha i dtoll a chéile ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus Comhar na Múinteoirí Gaeilge.

Ciarán Mac Giolla Bhéin

Rugadh agus tógadh i mBéal Feirste Ciarán Mac Giolla Bhéin. Fuair sé a chuid oideachas ar fad trí Ghaeilge, i mBunscoil Phobal Feirste agus i gColáiste Feirste. As sin, chuaigh sé ar aghaidh chuig Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste.

Bhain sé céim amach sa Ghaeilge agus sa Stair agus i ndiaidh sin bhain sé Máistreacht amach sa Ghaeilge. Theagasc sé ar feadh dhá bhliain i nGaelscoil na bhFál go dtí go bhfuair sé post mar Oifigeach Gnó le Gaeilge, áit a d'obair sé ar feadh trí bliana. In 2009 ceapadh é mar Oifigeach Óige agus Iarscoile le Foras na Gaeilge.

Tá Ciarán an-ghníomhach in athbheochan na Gaeilge ar bhonn áitiúil. Is cisteoir é le Glór na Móna, grúpa pobail agus Gaeilge atá ag soláthar seirbhísí do phobal na Gaeilge in iarthar Bhéal Feirste.

Micheál Ó Máirtín

Is as an Eaglais é Micheál, sráidbhaile taobh amuigh de Dhún Geanainn. Ba léachtóir sinsearach le Gaeilge é i gColáiste Mhuire i mBéal Feirste go dtí le déanaí. Tá Micheal an-ghníomhach i saol na Gaeilge sa tuaisceart le blianta fada anuas, agus is Cathaoirleach é ar Chomhar na Múinteoirí Gaeilge, eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar mhúinteoirí Gaeilge ag gach leibhéal.

Ba chathaoirleach é ar an Choiste Chomhairleach Aistriúcháin a leagann síos na teoracha aistriúcháin do na seirbhísí poiblí i dTuaisceart Éireann.

Is Cathaoirleach é Micheál ar Choláiste Mhuire i Loch an Iúir i dTír Chonaill agus ar na campaí samhraidh i gCampa Chormaic i dTír Eoghain.





Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Buntáiste Breise na Gaeilge ar Chamchuart timpeall na tíre:

